Rug cabhair ar Chloinn gCoiléin: dán do Thadhg Mac Con Mara (†1678)

Ciara Ní Mhurchú

Celtica 38 (2026), 520–544

DOI: 10.58480/SCS-xkh8r-bay68

DIAS
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath | Dublin Institute for Advanced Studies

© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies. This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this license, visit https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/

RUG CABHAIR AR CHLOINN GCOILÉIN: DÁN DO THADHG MAC CON MARA (†1678)*

Achoimre

This article presents an edition and translation of the seventeenth-century poem *Rug cabhair ar Chloinn gCoiléin*, composed by Maol Muire Ó Móirín in praise of Tadhg Mac Con Mara. Tadhg was the son of Domhnall Riabhach Mac Con Mara and Áine Ní Bhriain. His family held lands in east County Clare. Tadhg was active during the war in Ireland which began in 1641. In this poem, he is praised for coming to the aid of Clann Chuiléin, and an apologue likens him to Cú Chulainn defending Ulster. Two poems which were composed for Tadhg survive: the poem edited here, and *Buaine ioná a aois iomrádh Taidhg*, composed by Somhairle Mac an Bhaird. Diplomatic editions of both poems have been published in *ABM* (poems 75 and 405). I have published a critical edition and translation of *Buaine ioná a aois iomrádh Taidhg* in *Celtica* 37 (Ní Mhurchú 2025). *Rug cabhair ar Chloinn gCoiléin* is edited here from Maynooth manuscript CF 23 with readings from the Royal Irish Academy manuscript 23 H 25 (710).

An pátrún

Chum Maol Muire Ó Móirín an dán seo do Thadhg (†1678) mac Domhnaill Riabhaigh [Óig] (†1607) mhic Dhomhnaill Riabhaigh (†1592) Mhic Con Mara agus Áine Ní Bhriain (†1665/6). Bhí tailte ag teaghlach Thaidhg i mbarúntacht na Tulaí Uachtaraí, in oirthear Chontae an Chláir. Rugadh Tadhg sa mbliain 1601 de réir fhógra báis a athar.[1] Duine gníomhach ab ea é le linn an chogaidh a mhair ón mbliain 1641 go 1653, agus fuair sé bás i mí an Mheithimh 1678.[2] Gheofar cur síos cuimsitheach ar shaol an phátrúin seo in Ní Mhurchú (2025: 276–81). Maireann dhá dhán a cumadh dó: *Buaine ioná a aois iomrádh*

*Tá mé an-bhuíoch d'Eoin Mac Cárthaigh, Deirdre Nic Chárthaigh, eagarthóirí agus léitheoir anaithnid *Celtica* as ceartúcháin agus moltaí iomadúla. Mé féin faoi deara gach botún agus dearmad.

[1] ARÉ OS EI/09/32 / ARÉ OS EI/9/18/8, 'Inquisitions, County Clare, Vol. I (James I): Inquisition Post Mortem, Donal Reagh Oge McNemara, taken at Quin Abbey on 19 April 1608', ar líne: Maoinchiste Annála Samhalta na hÉireann <https://virtualtreasury.ie/item/RIA-OS-EI-9-18-8> PID: https://arks.org/ark:/75929/i109028, lch 12 (ceadaíodh 30 Meitheamh 2026). Dar le Robert William Twigge (†1915), a bhailigh eolas faoin teaghlach seo, rugadh Tadhg sa tréimhse 1602–3: LS LB Add. 39270, ginealach XVI.

[2] Luaitear an dáta báis seo i dtras-scríbhinn (Leabharlann na Breataine, LS Add. 39264, fóilió 321) a rinne Robert William Twigge (†1915) ar Phléadálacha na Seansaireachta ón mbliain 1679.

© Dublin Institute for Advanced Studies
https://doi.org/10.58480/SCS-xkh8r-bay68

Taidhg le Somhairle Mac an Bhaird, agus an dán atá faoi chaibidil anseo, *Rug cabhair ar Chloinn gCoiléin*.

Deir Katharine Simms gur dócha gur dán ceiliúrtha oirnithe é dán an ailt seo, toisc go bhfaightear móitífeanna áirithe ann a fheictear go minic i ndánta den chineál sin, mar a fheicfear thíos (Simms 2025: *passim*, agus aguisín I, dán 23).

Sa dán seo, moltar Tadhg as teacht i gcabhair ar chríoch Chlann Chuiléin, a áit dúchais. Maítear go bhfuil Clann Chuiléin ar a suaimhneas anois, a bhuí le Tadhg; nach bhfuil sí faoi scamall bróin a thuilleadh anois (rainn 2–4); agus go bhfuil trioblóidí na laethanta atá thart dearmadta aici mar gheall air (rainn 5–6). Deirtear linn gurb é Tadhg doirseoir an anfhorlainn agus go mbíonn sé ag déanamh síochána (rainn 9–10). Deirtear gur 'seabhac' agus 'draig' é agus go bhfuil aghaidh leoin aige (rann 12). Moltar é as a thréithe pearsanta, as a uaisle, as a shéimhe agus as a chineáltas (rann 13, srl.). Luaitear ainm a athar (rann 16), a sheanathar (rann 17) agus a mháthar (rann 27).

Cuirtear Tadhg i gcomparáid le Cú Chulainn in apalóg (rainn 18–23). Leagan de scéal ón *Táin* atá i gceist: mar a chosain Cú Chulainn Cúige Uladh nuair a bhí na hUltaigh faoi thinneas an cheasa naoidhean. Deirtear linn go gcosnóidh Tadhg a cheantar ar dheacrachtaí i gcónaí, sa gcaoi chéanna ar chosain Cú Chulainn muintir Uladh (rann 24–5).

I dtreo dheireadh an dáin, moltar Tadhg as a tharraingteacht (30), a chrógacht (31), agus a thuiscint ar chairdeas (31). Luaitear neart logainmneacha agus daoine stairiúla agus pearsana finscéalaíochta a bhaineann le ceantar Thaidhg sa dán, agus leagtar an-bhéim ar a shinsearacht agus ar na tréithe atá faighte aige óna shinsir (33–6).

An file

Maol Muire Ó Móirín ab ainm d'údar an dáin seo. Níl mórán eolais againn faoin bhfile seo. Ní mhaireann aon dán iomlán eile ón seachtú haois déag a leagtar air. Maireann leathrann a leagtar ar 'Ó Móirín' i LS Acadamh Ríoga na hÉireann 11 (E iv 3, lch 172*i*), in éineacht le leathrann a leagtar ar 'Ó Maolchaoine'.[3] Scríobh Aindrias Mac Cruitín an LS seo i Maigh Ghlas i gContae an Chláir sa mbliain 1727. Ba le *Seamuis Ó Morán* an LS am éicint agus scríobh sé a ainm ar leathanach 1 (*RIA Cat.* 51–2). Cóipeáladh cuid den LS ó LS a scríobhadh do Dhonnchadh mac Toirdhealbhaigh Uí Lochlainn. Seo a leanas an dá leathrann a mhaireann sa LS seo:

Ó Móirín c*ecinit*

Iongn*adh* liom is é gan ghlas,
nách fosgl*ann* mu*r* do iadhas

Léamha: fosgl-

[3]Féach go raibh fear darbh ainm 'Gorthy O'Mulqueen of Ballymulqueeny' páirteach san ionsaí ar Chaisleán Bhaile Uí Áille (ar Loch Bhaile Uí Áille i mbarúntacht Bhun Raite Uachtarach) i mí na Nollag 1641, mar aon le pátrún an dáin seo (Frost 1893: 353). Tá Baile Uí Mhaolchaoine i bparóiste Theampall Uí Mháille, i mbarúntacht Bhun Raite Uachtaraigh, i gContae an Chláir.

'It is a surprise to me that it does not open as I closed it, despite it being unlocked.'

Ó Maolchaoine c*ecinit*

Múin*idh* Ó Móirín dá thoigh
nós an nōinín nu*air* nón*us*.

'Ó Móirín teaches his house the daisy's custom when evening comes'.[4]

Maireann dhá rann eile, ceann i ndeibhí agus ceann i meadaracht aiceanta, le 'Ua Móirín' i LS Choláiste na Tríonóide 1361 (H 4. 20, lch 30). Scríobh Tadhg Ó Neachtain an lámhscríbhinn seo sa tréimhse 1725–9. Cumadh an rann d'Ó Maoilriain. Seo a leanas téacs na rann:

Ua Mōirín d'Ō Maoilriain c*ecinit*

An ceann*n*-soin do chaith a sheal
a-muigh a m*ea*sg na dtais*ea*dh
's ní do chur fheirge oruibh,
c[h]a cladh reilge ō rugabh*air*:

Léan ar an éad: is g*éa*r an galar é,
moch 's as déighionach, *ēa*drom, gealtach é,
d'imigh gach s*éa*n ón té dā mbain*ea*n*n* sé,
is bīon*n* lu*cht* pléide 'sīrdh*ēa*nadh magadh fé.[5]

Léamh: 2d. f<éa(?)>dh

'It is not from a graveyard you got that one that did its time out among the phantoms – and I am not saying this to anger you.

Woe to jealousy: it is a bitter affliction, it is [there] early and late, trifling, crazy, wellbeing has deserted whoever it touches and teasers are always making fun of him.'

Maireann dán ón gcúigiú haois déag a leagtar ar fhile darbh ainm Maol Muire Ó Móirín, dar tús *Alim mo Dhia*. Tá cóip den dán sin ar marthain i lámhscríbhinn ón gcúigiú haois déag agus ón séú haois déag, LS Leabharlann na Breataine Add. 30512 (fol. 43). Deir an LS gur chum Ó Móirín an dán ag am a bháis (*in uair rena eibilt*).

Tugadh pardún do 'Moragh O Morren' as Cruachán, Contae Uíbh Fhailí in 1601 (*Fiants* 6500), agus tugadh pardún do 'Murrough O Murryn, of Rathcoffie, cottier' i mí an Mhárta 1602/3 (*Fiants* 6775).

Níl an dán seo clasaiceach amach is amach, mar a fheicfear sna nótaí thíos, ach ní haon ionadh é sin ó fhile a bhí ag cumadh chomh déanach leis seo i ré an dáin dhírigh.

[4]Is é sin, go ndúnann peitil an nóinín um thráthnóna: an t-oíche-iamh.

[5]Scaoilim noda na LSe i gcló iodálach, cuirim síneadh fada ar fáil le macrain, cuirim litreacha nach bhfuil sa LS ar fáil i lúibíní cearnacha agus is liomsa an phoncaíocht agus na ceannlitreacha. D'fhéadfadh an dá rann seo a bheith mar chuid deiridh de dhéantús sa bhfoirm trí rann agus amhrán.

Lámhscríbhinní

Go bhfios dom, maireann cúig chóip den dán seo – 36 rann i gceithre cinn acu agus 37 rann sa gceann eile.

C: Má Nuad CF 23, lgh 218–19: Seán Ó Laochadh a scríobh an LS seo i mBaile Átha Cliath sa tréimhse 1745–7 (Ó Fiannachta 1978: 101–5). Tá 36 rann den dán sa LS seo. Bhí an LS i seilbh Choláiste Cholmáin i Mainistir Fhear Maí go dtí an bhliain 2013 nuair a aistríodh cnuasach LSí an Choláiste go hOllscoil Mhá Nuad. Tá cóip den dán eile a cumadh do Thadhg, *Buaine ioná a aois iomrádh Taidhg*, sa LS seo chomh maith, ar leathanaigh 224–5.

H: ARÉ 23 H 25 (710), fóilió 18r–v: Ní heol dúinn cé a scríobh an LS seo. Breacadh barántas Béarla inti a bhaineann le Contae Chiarraí, agus luaitear an bhliain 1783 inti (*RIA Cat.* 2150). Tá 37 rann sa dán sa LS seo; tá rann inti nach maireann in aon chóip eile, is é sin rann 32 san eagrán. Tagann cóip na LSe seo den dán díreach roimh chóip den dán eile a cumadh do Thadhg, *Buaine ioná a aois iomrádh Taidhg*. Is deacair cuid de línte na ndánta seo a dhéanamh amach sa LS seo toisc gur stróiceadh imeall inmheánach na bhfóiliónna cuí, mar a fheicfear sna léamha thíos. Chomh maith leis sin, is léir go ndearnadh mioncheartúcháin agus gur breacadh roinnt nótaí sa LS seo in áiteanna níos déanaí. Tá na heagráin dhioplómaitiúla den dá dhán in *ABM* bunaithe ar an LS seo.

G: ARÉ 23 G 24 (257), lgh 334, 336 agus 338: Scríobh Mícheál Óg Ó Longáin an LS seo ag amanna éagsúla agus in áiteanna éagsúla sa tréimhse 1796–1833 (*RIA Cat.* 687–8). Cnuasach de bhileoga fáin atá inti. Níl ach 36 rann dár ndánna sa LS seo. Seans gur scríobh Mícheál Óg na leathanaigh a bhaineann le hábhar nuair a scríobh sé cóip den dán eile a cumadh do Thadhg, *Buaine ioná a aois iomrádh Taidhg*, atá anois ar marthain i LS 23 G 25 (710) (lgh 281–2 agus 327) san Acadamh. Cnuasach de bhileoga fáin is ea 23 G 25 chomh maith. Déanaim amach gur shíolraigh cóipeanna Mhíchíl Óig ó LS Mhá Nuad CF 23; féach tuilleadh plé air sin thíos.

M1: Má Nuad M1, lgh 320–4: Scríobh Mícheál Óg Ó Longáin an LS seo i gCorcaigh d'Easpag Chorcaí, Seán Ó Murchú, sa mbliain 1818 (*MNCat.*, fasc. 1, 1). Tá 36 rann den dán sa LS seo.

M8: Má Nuad M8, lgh 353–6: Scríobh Seán Ó Muláin (†1826) an chuid seo den LS seo agus cuireadh an LS le chéile sa mbliain 1818 don easpag Ó Murchú (*MNCat.*, fasc. 1, 74). Tá 36 rann den dán anseo.

An gaol idir na lámhscríbhinní

Níl mórán difríochtaí téacsúla idir na LSí, ach aontaíonn an téacs i LSí C, G, M1 agus M8 le chéile i gcoinne leagan H in áiteanna. An difríocht is suntasaí ná go bhfuil rann 32 in easnamh ar LSí C, G, M1 agus M8. Is i LS H amháin a mhaireann an rann seo. Tagann sé seo leis an tuiscint atá agam ar an scéal gur shíolraigh G, M1 agus M8 ó LS C agus nár shíolraigh aon cheann acu ó LS

H.[6] Seachas sin, níl mórán difríochtaí idir na LSí. Féach na samplaí a leanas de dhifríochtaí téacsúla:

> 4d *tuathghaire* (C) = *tuathgh*áir*e* (G, M1) = *tuathgháire* (M8) = *tnúthgháire* (H); 8d *sgrios* (C) = *sg*r*ios* (G, M1, M8) = *scrois* (H); 12c *ríghleomhuin* (C, G) = *ríghleó*mh*uin* (M1) = *ríghleómhuin*n (M8) = *ríleomhuin* (H); 21b *chlaochluidh* (C, M8) = *chlaochl*uidh (G, M1) = *chlaoluidh* (H); 27a *loind*ea*rga* (C, M8) = *loind*ea*rga* (G, M1) = *loind*ea*rdha* (H); 27c *dá ndídhion* (C) = *dá ndídhe*a*n* (G) = *dá ndídh*eadhn (M1) = *dá ndídhion*n (M8) = *dá ndíon* (H).

Modh eagarthóireachta

Bunaíodh an t-eagrán seo ar leagan LS C ós rud é gurb í an LS is sine í. Tugaim léamha ó C agus H. Ní thugaim léamha ó na LSí eile toisc gur dóigh liom go bhfuil siad síolraithe ó C agus toisc nach bhfuil ach fíorbheagán difríochtaí idir iad agus C.

- Tá noda na lámhscríbhinne scaoilte agam i gcló iodálach. Tá *e* ard sa lámhscríbhinn scaoilte agam mar *ea* nó *e* de réir mar is cuí.
- Cuirim litreacha breise ar fáil idir lúibíní cearnacha.
- Soláthraím sintí fada nach bhfuil sa LS le macrain.
- Is liomsa an phoncaíocht ar fad, scaradh na bhfocal agus suíomh sintí fada laistigh de shiollaí.
- Níl gutaí gearra/meánacha neamhaiceanta athraithe agam chun gutaí comhfhreagracha i rinn agus airdrinn a chur in ionannas, mar shampla 5cd *Chuirc* : *d'fhobhair*[*t*]; 9cd *soin* : *dochuir*.
- Tá *n* dúbailte in áit *n* amháin sa LS ar mhaithe le síneadh meánach a thaispeáint in *inn**bh**ear Innsi* (10a, léamh) agus *bann**trachta* (20b, léamh). Tá siad seo athraithe agam go *n* amháin san eagrán agus tugaim léamh.
- Tá siad seo a leanas athraithe agam os íseal agus níl siad san áireamh sna léamha LSe: bainim sintí fada ó na défhoghair *ao, aoi, ua, ia* srl, seachas *eó*; déanaim normalú ar *cc-* > *gc-* agus ar *tt-* > *dt-*; athraím *gh* go *dh* sna háiteanna a raibh *gh* in áit *dh* stairiúil, mura raibh aon rud eile le hathrú. Nuair atá focal athraithe ar aon chúis eile nach luaitear thuas, gheofar léamh ó LS C ag bun an leathanaigh.
- I gcás léamha H, ní sholáthraím léamh muna bhfuil de dhifríocht idir H agus C ach ceann acu seo a leanas: rud éigin a luaitear thuas a bheadh athraithe os íseal dá mbeadh sé i LS C; sleamhnóg a bheith ann nó in easnamh; difríocht le gutaí neamhaiceanta nach bhfuil fada i gcás *a*(*i*)/ *o*(*i*)/ *u*(*i*)/ *ea*/*io*, nó *-i*/*-e*; *is* na copaile in áit *as*, nó *i* in áit an réamhfhocail *a*. Gheofar léamh ag bun an leathanaigh i gcás aon difríochta eile. Scaoilim

[6] Féach go maireann an dán eile a cumadh do Thadhg, *Buaine ioná a aois iomrádh Taidhg*, i LSí C (lgh 224–5), H (fóilió 19r) agus M8 (lgh 356–60) freisin, agus go dtagann na difríochtaí téacsúla sa dán sin sna LSí a bhaineann le hábhar leis an anailís thuas chomh maith (Ní Mhurchú 2025: 283).

noda sna léamha i gcló iodálach. Ní thugtar léamh ó H más ionann é agus an t-eagrán.

Meadaracht

Is i ndeibhí, dán díreach, a cumadh an dán seo.

- Féach nach mbáitear guta fada iarméarla a thagann i ndiaidh guta fada i línte 5c (*a-tá ó*) agus 23c (*milioschnó ón*; LS *mhil*e*aschná*). Ba cheadmhach an easpa bá i gcásanna mar seo (Ní Dhomhnaill 1975: §59).
- Tá uaim curtha ar fáil agam i líne 2b, agus i líne 17b le sléagar (féach thíos).
- Tá samplaí de chéilí cuibhis gan ionannas gutaí i gcomhardadh agus i rinn agus airdrinn idir siollaí le síneadh meánach. D'fhéadfaí ionannas gutaí a chur ar fáil iontu ar fad trí [*e*]*achtron*n*shluaigh* (6b) a athrú go *eachtrannshluaigh* (: *amhluaidh*); *n-anfhorloinn* (17b) a athrú go *n-anfhorlainn* (: *D*[*h*]*omhnaill*) agus an rud céanna a dhéanamh i líne 25b; agus *n-iomarbhais* (30b) a athrú go *iomorbhais* (: [*Fh*]*org*[*h*]*ais*).
- Tá *ríghleomhuin* (12c, léamh LS C) athraithe agam go *ríleómhuin* (mar atá ag LS H) chun comhardadh slán a sholáthar le *d'fhírfheólfhuil* (12d). Is féidir ginideach iolra nó ainmneach uatha a úsáid mar an chéad mhír de chomhfhocal.
- Níl comhardadh slán ann idir na comhfhocail *lúthghāire* (4c) agus *tuathghaire* (4d, léamh LS C). Glacaim le léamh H anseo, *tnúthgháire*, agus bhainfinn an chiall chéanna as *tnúthgháire* is a bhainfinn as *tuathgháire* sa líne seo. Shamhlóinn go bhféadfaí *n* a léamh mar *u* mura raibh na minimí ceangailte go soiléir ag an mbarr, agus go bhféadfaí *ú* a léamh mar *a* go héasca dá mbeadh an síneadh fada an-ghar don *u* agus/nó dá léifí *u* mar *a* oscailte. Réiteach eile ná go bhféadfaí *lúthgháire* a athrú go *luathgháire*, ós rud é gur tháinig *lúthgháire* faoi thionchar *luath-* sa teanga (féach *eDIL* s.v. *lúthgáir(e)*), ach nílim cinnte gur glacadh le *luathgháire* sa teanga chlasaiceach agus ní fheicim aon sampla de sa gcorpas atá deimhnithe ag an meadaracht.
- Níl comhardadh slán idir an rinn agus airdrinn *gCoiléin* (27a) agus *saorshoirbhréidh* (27b). Ní fheicim aon réiteach air seo.
- Tá an focal *fear* ag déanamh comhardaidh leis féin i línte 37cd. Tagann sé seo salach ar an bprionsabal sna tráchtais nár chóir d'fhocal comhardadh a dhéanamh leis féin (féach *BST* 217.1 nóta; Ó Riain 2025: §8 agus nóta).
- Seans gur sampla é an comhardadh breise i línte 23ab den ghléas ornáideach *breacadh*: *luibh… d'f*[*h*]*uil* : *luibh*, ach tá na focail ar fad sa leathrann tosaigh, áit nach n-ordaíonn na rialacha meadarachta aon chomhardadh. Is cosúil gur sampla de chomhardadh iomarcach é an cuibheas breise i rann 36: *Mhāil* : *fhion*n*Mháigh … Tāil* : *táin* (féach nótaí ar *breacadh* agus ar *rúrach*, Ní Dhomhnaill 1975: 45–61 agus 66–8; Ó Riain 2025: §8 agus §10 agus nótaí).
- Tá samplaí sa dán seo den fhocal *Con* sa sloinne *Mac Con Mara* a bheith neamhaiceanta (i línte 16a agus 37a). Tá sé seo deimhnithe ag

an meadaracht toisc nach bhfuil *Con* ag glacadh páirte san uaim. Tá samplaí eile de seo sa gcorpas. Tá *Con* neamhaiceanta nach nglacann páirt san uaim le feiceáil sa sloinne céanna sa dán eile do Thadhg (Ní Mhurchú 2025: líne 8b), agus mar chuid den sloinne *Mac Con Midhe* i ndán le hEochaidh Ó hEóghusa (*DMU* 23.9a agus 19a). Is dócha go bhfuil an file ag géilleadh don ghnáthfhoghraíocht anseo: leagtar an bhéim ar *Mara* agus fágtar *Con* neamhaiceanta. Féach tuilleadh plé air seo sna nótaí meadarachta in Ní Mhurchú (2025: lch 285).

Teanga

Cumadh an dán seo sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach, ach tá cuma iarchlasaiceach ar an teanga i gcúpla áit. Pléifear gnéithe neamhchlasaiceacha agus pointí teanga suntasacha eile sna nótaí thíos.

Ainmfhocail

- Litrítear an logainm *Eachtghe* le *-e* i líne 5a ach is é is dóichí go bhfuaimnítear mar *Eachtgha* í, le teacht le *coinbhleachta* (5b). Is minic a scríobhtar *Eachtghe* le *-e* sna LSí ach is léir go ndéantar cuibhis leis ar nós gur *Eachtgha* a bhí ann (féach *ABP* 221–2, nóta; *HDGP* fasc. 9, 7–9).
- Tá séimhiú ar an aidiacht *shoilbhir* tar éis an ainmfhocail *aigneadh* (15a, ainmneach uatha) i LS C, a bhí firinscneach sa teanga chlasaiceach (*IGT* ii §49 agus §159). Níl an séimhiú deimhnithe ag an meadaracht ach níl sé bainte agam toisc go bhfuil *aigne* baininscneach sa lá atá inniu ann agus go bhfuil seans ann, mar sin, gur ón bhfile a tháinig an séimhiú. Féach chomh maith gur mar *suilbhir* a litrítear é seo sna tráchtais (*an tsuilbhire, an tsuilbhirecht*, *IGT* iv 122) ach go bhfaightear *soilbhir* le *-o-* go forleathan sna lámhscríbhinní. Féach sampla déanach atá deimhnithe ag an meadaracht, *soilbhir* (: *roighnibh*) in *ABM* 200.29cd.
- Is mar dhá fhocal a fhaightear *ceas naoidhean* de ghnáth; níl aon sampla eile feicthe agam de *ceasnaoidhean* (18d) mar chomhfhocal, atá deimhnithe ag an meadaracht sa dán seo.
- Níl *feas* (21d) clasaiceach mar thuiseal ainmneach uatha den ainmfhocal *fios* de réir na dtráchtas. Tá *feasa* ceart mar ainmneach iolra agus ginideach uatha, *feasaibh* mar thabharthach iolra agus *feas* mar ghinideach iolra (*IGT* ii §70). Mar sin, d'fhéadfaí a shamhlú go mbeadh *feas* mar thuiseal ainmneach ag file. Faightear *feas* mar mhalairt ar *fios* i nGaeilge an lae inniu féin (*FGB* s.v. *feas*). Tá éiginnteacht áirithe faoin téacs anseo, áfach, agus déanfar tuilleadh plé air sin sna nótaí téacsúla.
- Níl *d'fheidhmibh* (6a) clasaiceach mar fhoirm thabharthach iolra de réir na dtráchtas, bheifí ag súil le *feadhmaibh* (*IGT* ii §41, ainmneach uatha *feidhm*). D'fhéadfaí é a athrú go dtí an fhoirm a mbeifí ag súil léi sa teanga chlasaiceach, gan cur isteach ar an meadaracht, ach nílim cinnte nach é *feidhmibh* an fhoirm a bheadh ag ár bhfile-ne.
- Tá foirm an ainmnigh *eang* in áit an áinsígh *eing* i líne 1b: *fhōirfeas an eang ghrianshoiléir*. Tá séimhiú an ainmnigh (gan deimhniú meadarachta)

ar *ghrianshoiléir* ina dhiaidh. Tá sé seo fágtha agam mar atá sé, ach níl sé deimhnithe ag an meadaracht agus seans gur *e* ard a bhí san eiseamláir.
- Déanaim amach gurb é an comhfhocal *linn* + *te* atá i gceist i líne 2c; ní bheadh *linnte* clasaiceach mar ghinideach iolra de *linn* de réir na dtráchtas: *linn* nó *linnteadh* a bheadh ceart (*IGT* ii §96 agus §191).

Briathra
- Bheifí ag súil le *giodh* (*gé* + an chopail) in áit *gē* i líne 6a (*ABP* línte 279–81), ach feictear seo go minic sa bhfilíocht i LSí agus níl sé athraithe agam mar sin.
- Níl mórán samplaí den fhocal *dínsighthe* (9b) feicthe agam. Féach samplaí atá deimhnithe ag an meadaracht in *IBP* 48.3 (*dínsighthe* : *híslighthi*) agus in *ABM* 282.19 (: *íslighthe*), agus dhá shampla eile ag *eDIL* s.v. *dínsigid*.
- *do chlaochluidh* (21b): De réir mar a thuigim *IGT* iii §64, bheifí ag súil le *do chlaochlúidh* anseo (nó *do chlaochláidh* nó *do chlaochlóidh*). Féach, mar shampla, an sampla le guta fada atá deimhnithe ag an meadaracht in *DiD* 68.15c. D'fhéadfaí síneadh fada a chur ar fáil le macran anseo, mar sin. Tá cúpla sampla de *do chlaochluigh* sa gcorpas, áfach, ach tá siad ar fad déanach: *ABM* 62.10a (nach bhfuil deimhnithe ag an meadaracht), agus *do chlaochluigh* (: *gaothmhuigh*) in *ABM* 358.53cd.
- D'fhéadfaí *claoidhf*ı*dh* (25a) a athrú go *claoifidh* (féach *IGT* iii §42). Níl aon sampla feicthe agam sa gcorpas de *claoidh-* le *dh* atá deimhnithe ag an meadaracht.

Athruithe tosaigh ar lorg ainmfhocal
- **Ar lorg ainmneach uatha baininscneach:** Tá séimhiú ar lorg ainmneach uatha baininscneach i línte 28d, 29a (deimhnithe ag an uaim), 33a, agus 37b.
- **Sléagar:** Tá séimhiú curtha ar fáil agam i líne 17b atá deimhnithe ag an uaim agus a chomhlíonann na rialacha do shléagar: *clōdh tnútha f*[*h*]*ear n-anfhorloinn*. Féach sampla eile de shléagar i líne 29c, mar a bhfuil séimhiú ar *ghuaisb*[*h*]*eithre* agus ar *threibhi* atá neamhghramadúil ach a chomhlíonann na rialacha do shléagar: *éan ghuaisb*[*h*]*eithre threibhi Tāil*. Maidir le sléagar, féach Mac Cárthaigh (2015).
- **Ar lorg áinsíoch uatha:** Tá samplaí d'urú (1a, 11b, agus 13b, mar shampla) agus d'easpa uraithe (23d, ina bhfuil séimhiú deimhnithe ag an meadaracht ach ina bhfuil éiginnteacht áirithe faoin téacs, 26d, agus 37c, mar shampla) i ndiaidh ainmfhocail atá i suíomh áinsíoch uatha sa dán seo. Glacaim leis an dá rud.
  Tá séimhiú an tabharthaigh i ndiaidh focail atá faoi réir ag an réamhfhocal *gan* bainte agam in *gan mhóid mhir* (léamha 22c), ina bhfuil úsáid chlaontuisil marcáilte ag infhilleadh na hiadiachta (*mir*, tuiseal ainmneach *mear*). Tá sé seo athraithe agam i bhfianaise an uraithe in *gan mhéin dtnūith* (14b) agus *gan ūid*[*h*] *n-iomarbhais* (30b). Féach an rannóg thíos maidir le séimhiú neamhchlasaiceach ar ainmneacha dílse i ndiaidh ainmfhocal atá i suíomh áinsíoch uatha.

- **Ar lorg tabharthach uatha:** Tá séimhiú ar lorg ainmfhocail i suíomh tabharthach sna línte seo a leanas: 7c, 11c, 12a (deimhnithe ag an uaim), 15b, 22d (deimhnithe ag an uaim), 23c, 25c (deimhnithe ag an uaim), 29a, 34a, 34b, 34d, agus 36a. Tá an séimhiú sna samplaí le deimhniú meadarachta gramadúil, ach comhlíonann siad na riachtanais do shléagar freisin. Tá ceithre shampla d'easpa séimhithe ar lorg tabharthach uatha sa LS. Tugaim sochar an amhrais don fhile agus tá séimhiú curtha ar fáil agam i línte 18d (*a gceasnaoidhean c*[*h*]*uibhrigh*) agus 35d (*ag breith b*[*h*]*isigh*). Ní chuirim séimhiú ar fáil i gcás línte 5c ná 37a toisc go bhféadfaí an easpa séimhithe sna línte sin a mhíniú le sléagar.
  Glacaim le hurú an áinsígh i ndiaidh an réamhfhocail *go n-* 'with' (a rialaíonn an tabharthach ó cheart) in *go ngé ngil* (15c) toisc go bhfuil sé seo an-choitianta i bhfilíocht na scol (féach *Magauran* nóta 1010).
- **Ar lorg ginideach uatha:** Tá séimhiú ar lorg ginideach uatha firinscneach den chineál a shéimhíonn sa teanga chlasaiceach in *craoi Chuirc* (5c), *Chais chéibhf*[*h*]*in*n (12d), *lubhghoirt bhruach* (16b, a chomhlíonann na riachtanais do shléagar), *chlāir Chais* (16c), *chraoi Chais* (24c), *chosnaimh chirt* (28a, a chomhlíonann na riachtanais do shléagar), *tathoimh bhrais* (28c), *bhruaich Shionna* (34a), *Chearbhuill chianaisdrigh* (35b), *Chathaoir Mhóir* (36a) agus *Ēibhir Fhinn* (36c). Mar sin, tá séimhiú curtha ar fáil agam in *Domhnaill M*[*h*]eic (16a) agus in *mh*[*e*]*ic D*[*h*]*omhnaill* (17a).
  Níl an *t* ar *tSionna* (léamha 12a) ar lorg ginideach uatha firinscneach clasaiceach gan an t-alt. Féach chomh maith an *t* ar *tséimh* agus *tsuilbhir* (léamha 31d). Seans maith go raibh míthuiscint ann anseo agus gur cheap scríobhaí go raibh *séimh* sa tuiseal ginideach; mar sin, tá an dá *t-* sa líne sin bainte agam. Tá an *t-* bainte agam ó *Sionna* (12a) chomh maith.
- **Ar lorg ginideach iolra:** Tá urú ar lorg ginideach iolra i línte 1c, 7a, 8c, 17b, 21c, agus 27a. Tá dhá shéimhiú neamhchlasaiceach i ndiaidh ginideach iolra (i línte 11c agus 16b) nach bhfuil coigeartaithe agam; féach an rannóg thíos ar ainmneacha dílse.
- **Séimhiú ar ghinideach uatha ainmneacha dílse:** Tá séimhiú neamhchlasaiceach ar roinnt ainmneacha dílse atá sa nginideach uatha sa dán, ar nós Ghaeilge an lae inniu: *inioschró Fheidhlim* (23d, deimhnithe ag an bhfíoruaim ach tá éiginnteacht áirithe faoin téacs), ar lorg ainmfhocail i suíomh áinsíoch uatha; *tréidhe Thaid*[*h*]*g* (14a) ar lorg ainmfhocail i suíomh áinsíoch iolra; *ghlainphréimhe Ghearailt* (34d), ar lorg ginideach uatha baininscneach; *chlann Chuirc* (11c) agus *bhruach Bhōramha* (16b), i ndiaidh ginideach iolra. Níl aon cheann acu seo athraithe agam.

Aidiachtaí

- Tá *taireach* (7a) athraithe agam go *tair*[*th*]e*ach* agus *comhaigheach* (7b) go *comhaigh*[*th*]e*ach* chun rinn agus airdrinn a chur ar fáil arís. Ní fheicim aon réiteach eile air seo. Féach an comhardadh slán idir *comhaightheach* agus *fhoghailchreach*, mar shampla, in *LBranach* ll. 5492–3, agus an rinn agus airdrinn idir *chomhaightheach* agus *caithmheach* in *LBranach* ll. 2943–4. Tá

samplaí de chéilí cuibhis le comhardadh slán le *tairtheach* in *DMU* 14.30, Williams (1980: 1.28).
- Nílim cinnte go bhfuil *goirid* (22a) in áit *gairid* clasaiceach. Is é *gairid* an fhoirm atá in *IGT* ii §142 (agus féach Mac Cárthaigh 2020: 139).
- Seans go mbeifí ag súil le *folach* in áit *fuileach* i líne 29a, toisc go mbunaítear aidiacht in *-ach* ar an tabharthach iolra, ach glactar le *fuileach* sa teanga chlasaiceach, féach *SnaG* IV §5.1.
- Ní bheadh súil leis an bhfoirm *naoi* (18c) mar thuiseal ainmneach de *nua* sa teanga chlasaiceach. Tá *naoi* ceart sa tuiseal tabharthach agus sa nginideach uatha de réir *IGT* ii §206. Faightear sampla de *naoi* sa tuiseal ainmneach atá deimhnithe ag an meadaracht, áfach, in *DiD* 100.10.
- D'fhéadfaí síneadh fada a chur ar *te* (33c) agus dhéanfadh *té* rinn agus airdrinn le *n-uaisle* (33d) chomh maith, ach bheartaigh mé cloí le léamha na lámhscríbhinní. Féach Hoyne (2016: 190–1).

Réamhfhocail
- Mar a luadh thuas, bheifí ag súil leis an tabharthach tar éis an réamhfhocail *go n-* (15c), ach tá áinsíoch anseo. Tá sé seo coitianta i bhfilíocht na scol tar éis *go n-*, áfach (*Magauran* 1010).
- Tá samplaí de shéimhiú ar lorg an réamhfhocail *ar* agus samplaí gan séimhiú agus glacaim leis an dá rud. Tá sampla amháin ann ina bhfuil an séimhiú deimhnithe ag an uaim: *ar f*[*h*]*eadh óil* (15a). Tá séimhiú curtha ar fáil agam i gcás *ar mheardhucht* (13a, LS: *me**ir**dhucht*) agus *ar chumoinnfhios* (31b, LS: *cumoinn**fh**íos*) ar mhaithe le leanúnachas sna rainn áirithe sin toisc go bhfuil séimhiú ar na hainmfhocail ar fad eile iontu tar éis *ar*.
- Tá séimhiú ar lorg *gan* in *gan mhéin* (14b) agus *gan mhóid* (22c) agus tá séimhiú curtha ar fáil agam in *gan f*[*h*]*ear* (37c).
- Sa teanga chlasaiceach, bheifí ag súil le séimhiú i ndiaidh *ón* (réamhfhocal + an t-alt uatha), mar atá in *ón Bhōin*n (23c), agus *ón fhion*n*Mháigh* (36b), seachas urú mar atá in *ón gCraobhrua*[*i*]*dh* (17d, LS *cc-*). Níl sé seo athraithe agam, áfach, toisc go bhfuil sé seo coitianta sa bprós agus i ndánta déanacha.

Eile
- Féach go bhfuil sampla de *mo-chean* le foirm choibhneasta i líne 14a. Glacaim leis go bhfuil sé seo clasaiceach, cé gur beag sampla atá le fáil.
- Glacaim le *ró* in ionad *ro* i líne 22c toisc go bhfuil sé deimhnithe ag an meadaracht. Is léir go raibh úsáid *ró-* ag éirí níos coitianta sa bhfilíocht ón dara leath den séú haois déag (Mac Cárthaigh 2002: 105).

Téacs

Maol Muire Ó Mōirín c*ec*i*n*it

1. Rug cabhair ar Chloin*n* gCoiléin
fhōirfeas an eang ghrianshoiléir,
posd ilghnímhchleas na ndál ndo*cht*,
lámh a himshnímhcheas d'f[h]urto*cht*.

2. Rug uirre d'éis a hanshōidh,
rō suaimhnis is sōdhanóir,
an chríoch réidh bhailbhlin*n*te bhinn,
ó phréim[h] airmrin*n*te Oilill.

3. Tug a maoith ar mhéid m*ea*nman,
tug a tuirse ar shibheannradh,
fan bhflaithchéile dá dtug t*ea*s
tug a haithmhéile *ar* aoibhn*ea*s.

4. Do dhearmuid sí a cuing ceasa,
do sgar re a sging doilgh*ea*sa,
brait*ea*r lí a lúthghāire soin,
ag tnúthgháire ón tí tárroidh.

Aistriúchán

1. Help that will succour the bright sunny land has come to Clann Chuiléin; a pillar of many skilful deeds in difficult situations, a hand to relieve her of her worrying afflictions.

2. After her discomfort, great restfulness and comforting honour have taken hold of the smooth sweet territory of the still waters because of Oilill's stock of the hot-pointed spears.

3. She has exchanged her sorrow for high spirits, she has exchanged her despondency for merriment, over the noble spouse to whom she has given fervour she has exchanged her grief for joy.

4. She has forgotten her yoke of despond, she has taken off her cloak of woe, the radiance of her joy is perceived, [she is] laughing in expectation of the one she has found.

Léamha

1c. ndáil C, ndáil *athraithe níos déanaí go* ndál H; 1d. hímshnimhch*ea*s CH; 2a. uire H; 2b. shuaimhnish C, shuaimhnis H, sódhánóir H; 2c. bhind CH; 2d. phréimh H, Oilioll CH; 3b. shibh*ea*ndradh C, ~~s~~^~~th~~^ibh*ea*ndradh H, *~~tibheandradh .i. <...>~~ (?) let sibheandradh stand (*níos déanaí, ar an gciumhais dheas*) H; 3c. fán CH; da H; 4a. chuing CH, ch*ea*sa H; 4b. ré *in áit* re H; 4d. tuathghaire C; tí a tárroidh C

5. Suan na heilte ar fhiadh Eachtghe,
nach feas cuimhne a coinbhl*ea*chta,
a-tá, ó thaibhgh*e*ōir craoi Chuirc,
gan aimhdh*e*ōin, ar aoi, d'fhobhair[t].

6. Gē mór fu*air* d'f[h]eidhmibh amhluaidh,
d'imshnīomh uilc is [e]achtron*n*shluaigh,
be[a]g seadh a ndocra*cht*a dhi
fear a fortachta ó fuair-si.

7. Clan*n* Choiléin na dtrágh dtair[th]*ea*ch,
di ní céile comhaigh[th]*ea*ch,
gruaidh doigh*ea*rnāir go méin mhir
do réim oir*ea*rbhāin Ēibhir.

8. Tadhg m*ac* Domhnaill, cn*ea*s cruithgheal,
don chrích-si is é orduighthear,
eang na lios dtirmlíonm[h]u*r* dte,
re sgrios imshnīomhghomh aisde.

9. Doirs*e*ōir dhoras a héigin,
lámh dhīnsighthe a doirbhchéidil,
craobh cheōil a soirbhighthe soin,
doirbhdhrithle a ndeóidh a dochuir.

5. Thanks to the exactor of Corc's enclosure, the land of Eachtgha willingly enjoys a doe's sleep, like a salve, so that she does not remember past conflict she suffered.

6. Although she suffered many troubling battles [and] anxiety brought on by harm and a foreign army, the difficulty they caused matters little to her, now that she has secured her saviour.

7. No strange companion for Clann Chuiléin of the fruitful shores is this [man of] modest lively cheek with a spirited disposition of Éibhear's bloodline of the fair region.

8. Tadhg son of Domhnall, [with his] purely shaped body is the one prescribed to banish troubling pains from this territory of the cosy and abundant warm ramparts.

9. Doorkeeper of the doors of her troubles, hand who hates her to suffer hard battle, musical branch who restores her, a harsh spark after her hardship.

5c. chraoi H; 5d. dfobhairt H; 6a. dfeidmibh H; 6b. eachtron*n*shluagh H; 6c. s*ea*ch CH; 6d. ~~fear~~ fear H, sí C; 7a. clan*n* choiléin na ~~ttairtheach~~ ttrágh ttair*ea*ch H, ttrath C; 7b. dí H; 7c. mir H; 7d. réimh H, éibhir H; 8a. tadg C, taidhg H, cruaidhgheal C, cruaidgeal H; 8b. chrícsi ise H, órduighth*ear* C; 8d. ré H, scrois H; 9a. <.>oirs*e*óir dhorais H, théigin C; 9b. dhínsighthe H; 9c. craobhcheóil H; 9d. ndeoigh CH, dochoir H

10. Ēigne ó inbhear Inse an Laoigh,
gnūis dil nach taidhlean*n* tathaoir,
clódh ainbhfine toighe Tāil,
croidhe is ainmhire a n-*ea*dráin.

11. Na tréidhe as nach tuairthior béim,
bhus dáil c[h]abhra *ar* Chloin*n* gCoiléin
a-táid ó shaoidh*eacht* chlann Chuirc
a n-aoinea*cht* an*n* ag adhuint.

12. Seabhac d'f[h]oraois fhóid Sionna,
draig lon*n* d'aicme Oiliolla,
gnūis ríleómhuin tais na[ch] tim,
d'fhírfheólfhuil í Chais chéibhf[h]in*n*.

13. Ar uaisle, *ar* mhíne, *ar* mheardhucht,
ar theisd gcean*n*sa, *ar* chroidh*ea*mhla*cht*,
deacoir breith iomaithbhir *a*[i]*r*,
nō ar dhreich fhion*n*daithghil fhosaidh.

14. Mo-chean iomchras tréidhe Thaid[h]g,
gan mhéin dtnūith, gan toil d'iom*air*g
gruaidh thaobhshoirbhréidh nar chlaon ceart
nar aomh aonoilbhēi*m* d'éist*eacht*.

10. A salmon from the estuary of Inis an Laoigh, a dear face which reproach does not reach, defeater of outlanders in Tál's home, a heart most steady in peace-making.

11. The characteristics which do not deserve reproach, which will bring help to Clann Chuiléin, born of the wisdom of Corc's descendants, are kindling together in him.

12. A hawk from the hunting ground of the Shannon region, a fierce dragon of Oilill's stock, [with the] face of a kind strong royal lion, of the pure flesh and blood of the descendant of fair-haired Cas.

13. He cannot be criticised in respect of nobility, gentleness, liveliness, reputation for kindness, heartiness, or [his] fair bright steadfast face.

14. Fortunate is he who bears the characteristics of Tadhg without an envious outlook [or] warmongering, a handsome-faced [man] who has never perverted justice [and] has never agreed to listen to any scandal.

10a. <.>igne ó in*n*bh<…> in*n*si an laoigh H, in*n*bh*ea*r In*n*si C; 10c. <…>fine toighe táil H; 10d. ainmire H; 11a. tréithe C, <.>a tre<..>e as H; 11b. chabhra H; 11c. <ataid?> <..> hsaoidh*eacht* H, chlain*n* CH; 12a. seabhach C, <.>eabac H, df<..>aois H, tsion*n*a CH; 12b. oill*il*a H; 12c. g<…>s ríl*e*omhuin H, ríghl*e*omhuin C; 12d. dfíorfheoifhuil C, dfíorfheóifhuil H, Cais chéibhfhin*n* H; 13a. ar ua<…> *ar* H, m*ei*rdhucht C, mh*ei*rdhucht H; 13b. air theist CH, chróidh*ea*mhla*cht* H; 13c. d*ea*c<.>r H, iomaithfir CH, air H; 13d. nó H; 14a. mo ch*ea*n*n* C, mo <.>*ea*n H, tréithe CH; 14b. tóil H

15. Aigneadh shoilbhir ar f[h]eadh óil
guala theann a dtráth thi[o]nóil
dreach l*ea*thluisn*ea*ch go ngné ngil,
n*ea*mhthuirs*ea*ch é isna haircibh.

16. Mac Domhnaill M[h]*eic* Con Mara,
bláth lubhghoirt bhruach Bhōramha
dlighidh deighion[n]ramh chlāir Chais
neimhiongnadh dáil a ndúthchais.

17. Dlighidh fós mac mh[e]ic D[h]omhnaill,
clōdh tnútha f[h]ear n-anfhorloinn
draig nar fhuloing goin a ghrua[i]dh
mar Choin gCuloin*n* ón gCraobhrua[i]dh.

18. Mar soin do fhóir an taobh thua[i]dh,
Cú Chuloin*n*, triath an tromshlua[i]gh,
clár leasnaoigheal go lí sein
do bhí a gceasnaoidh*ea*n c[h]uibhrigh.

19. A gcrích Ul*adh*, ceann a gcean*n*,
do leathnuigh ciachbhrat coitch*eann*
nō gu*r* chin*n* ortha uile
'na sging orchra is eólchuire.

15. A pleasant temperament when drinking, a firm shoulder at the time of mustering [for war], a gently glowing face with a bright appearance, he is tireless in difficult situations.

16. The son of Domhnall Mac Con Mara, a flower from the herbal garden of the banks of Bóraimhe, deserves the good attention of Cas's land; the apportionment of their heredity [to him] is no wonder.

17. The son of Domhnall's son, a dragon whose cheek has never been wounded, like Cú Chulainn from the Craobhruadh, also deserves to overcome the jealousy of oppressors.

18. This is the way Cú Chulainn, chief of the mighty army, relieved the North, the land of bright and fresh enclosures with ancient beauty, which was restrained by the debility of childbirth.

19. Bit by bit, a gloomy, harmful and lamentable cloak extended all around the land of Ulster, until it overcame them all.

15a. soilbhir f *ar* H, feadh an óil C, f*ea*dh an óil H; 15b. theand CH, ttraith CH, tinóil H; 15c. ngae C, nge H; 15d. háirgibh C, hairgibh H; 16a. conmhara C; 16b. blaith C, bhorama H; 16c. dlíghidh C, chláir cháis H; 16d. néimhiongnadh H; 17a. dlíghidh C; 17b. clódh H, nanfhórloin*n* C, nanfhorlóin H; 17c. fhuloingh C; 17d. mair CH, cculóin H, ccraoibhruadh H; 18b. choloin*n* H, tomshluaigh H; 18c. séin CH; 19a. chrích CH

20. Níor bhin*n* leō laoidh[d]r*ēacht* molta,
ge*ō*in laoch, bion*n*g[h]lōr bantrachta,
nā nuall fon*n*mhar crithr*ea*ch ciúil
go slighth*ea*ch tromghlan taidhiúir.

21. Tugsad ar maoith a m*ea*dhoir,
do chlaochluidh a gcreideamhoin,
clár na n-eas mbratshoilseach mbin*n*
feas ba hat[h]toirs*ea*ch d'in*n*tin*n*.

22. Goirid dóibh ina dhiaidh soin
nō gur éirigh Cú an chleasra[i]dh,
an róibheithir gan mhóid mir,
ag fóirithin fhóid Oiligh.

23. Luibh íocshláinte d'f[h]uil a chnis
do dháil uaidh 'na luibh leighis
ar milioschnó ón Bhōin*n* bhin*n*
go[r] fhōir inioschró Fheidhlim.

24. Mar do fhóir*ea*dh Cú an chleitín
an uair sin d'f[h]uil oirdhreicÍr
fóirfidh flaithchéile chraoi Chais
gach laoi ar aithmhēile a othrais.

20. [Neither the reciting of] a praise poem, [nor] the clamour of heroes, [nor] the sweet voice of women, nor the melodic quivering cry of music [playing] flowingly, intensely, purely and sweetly, were sweet to them.

21. [The men of] the land of the splendid waterfalls draped in light exchanged their merriment for sorrow, their faith deteriorated: knowledge that wearies the mind.

22. Shortly after that, athletic Cú [Chulainn], a successful hero who was not impetuous, came forth to relieve the land of Oileach.

23. Our sweet nut from the melodious Boyne dispensed the restorative herb of his body's blood as a medicinal herb, and it relieved Feidhlim's islanded enclosure.

24. [Just] as Cú [Chulainn] of the javelin used to help Íor's famous bloodline that time, the princely spouse of Cas's enclosure will relieve it every day from the grief of its sickness.

20a. bhín*n* H; 20b. bion*n*ghlor H, ban*n*trachta CH; 21a. tugsat CH, maoidh CH; 21b. chlaoluidh H, ccread*ea*mhoin CH; 21c. nd*ea*s CH, mbrtsoills*ea*ch C, mbrt shoills*ea*ch *arna athrú níos déanaí go* mbrat shoills*ea*ch H; 21d. bhf*ea*s C, ~~bh~~f*ea*s H; 22a. na dhiaigh C, na dhiaig H; 22b. chleasraidh H; 22c. ar *in áit* an C, mhir CH; 22d. fóireithin CH; 23a. lúibh H; 23c. mhil*ea*schná CH; 23d. gor fhóir H, inéischrá CH; 24b. oirdreicír H; 24c. fhóirf*ea*dh CH, chroidhe *in áit* chraoi CH; 24d. aithmhéile H

25. Claoidhfidh trá Tadhg m*a*c Domhnaill
gach teidhm bh*us* túr anfhorloin*n*
dā mbia a moigh fhódbhāin ó nAirt
mar an gCoin n-ógnā[i]r n-ordh*air*c.

26. Cosmhail a méin, muin ar muin,
m*a*c Domhnaill is Cú an chleasraidh,
dā phosd go n-ilgh*ea*soibh áigh
re cosg imreasoin d'ēanláimh.

27. Grāin loinneardha clan*n* gCoiléin
mac Áine, an s*ea*ng saorshoirbhréidh,
cur deargruath*uir* dá ndíon sin,
grīobh do leargbhruach*aibh* Luimnigh.

28. Lámh chosnaimh chirt a thíre
ar aobhdhacht nō ar ainmhíne,
brat tēagairthe a tathoimh bhrais,
fachoin mhéaduighthe a macnais.

29. Gríobh fhuil*ea*ch don fhuil Bhrianaigh,
séad aithleagtha óirmhianoigh,
éan ghuaisb[h]eithre threibhi Tāil,
bleidhe uaislei[gh]the a hiomráidh.

25. Indeed, like celebrated young and modest Cú [Chulainn], Tadhg son of Domhnall will vanquish every ill-boding affliction in the virgin land of Art's descendants.

26. Domhnall's son and athletic Cú [Chulainn], two pillars with all the powers of battle to stop conflict by concerted effort, are the same in outlook, one after the other.

27. Fierce terror of the descendants of Cuiléan, Áine's son, the slim noble smooth pleasant one, one who launches a fierce onslaught to protect them, a fierce warrior from the sloping banks of Limerick.

28. Hand that defends justice in his country, against pleasantness or roughness, the warm cloak that protects her great sleep, the reason her ease has increased.

29. Fierce warrior of Brian's bloodline, refined jewel of golden quality, dangerous bird of prey of the household of Tál, drinking cup that ennobles her fame.

25a. claoidhf*ea*dh CH, taidg CH; 25b. teidim C, teidm H, anfhorloín H; 25c. mbiadh CH; 25d. nógn*air* H; 26a. *air* mhuin H; 26c. phost CH; 26d. ré H, deanlaimh H; 27a. loind*ea*rga C, loind*ea*rdha H; 27b. saorshoirbhréagh C, saorshoirbhréigh H; 27c. cuir C, ndídhion C; 27d. gríobh H; 28c. téagairthe H, táthiomh CH; 28d. mhéndúighthe C, mhénduighthe H; 29a. fhúil H, bhriainaigh CH; 29b. aithl*ea*ghtha CH; 29c. guaisbheithre H, táil H; 29d. bleithe C, bleithe *arna athrú go* bleidhe H

30. F*ea*r f*air*e fhuinn an [Fh]org[h]ais,
glór soirbh gan ūid[h] n-iomarbhais,
dreach leathghoirthe neamhdhubh nár,
d*ea*lradh b*rea*thnoighthe an bhannál.

31. Neimhiongnadh dō an teisd thuillios
ar chrōdhacht nō *ar* chumoinnfhios,
ar chaithmhighe nō ar mhéin mhir
nō ar mhaithmhighe, an séimh suilbhir.

32. Na hairdheana is adhbhor tnúidh
frīoth iad a-niogh ó nā[dúir]
fán gcrích réidh sliomacroigh saoir
d'f[h]ion*n*achtoin 'na mhēin ma[caoimh].

33. Ríoghfhuil chródha chin*n* an Chlāir,
fuil āirmh*ea*ch iarl*a* Gabhrāin
frīoth 'na ghnūis ti[o]rmnaoighil te,
cūis ionmhaoidhimh a n-uaisle.

34. Géag do Bhrianfhuil bhruaich Shion*n*a,
d'f[h]uil Chais is chrú Oiliolla,
iarsma daighmhēine d'f[h]uil Airt
is d'f[h]uil ghlainphréimhe Gh*ea*railt.

30. Watchman of the land of the River Fergus, pleasant voice who does not care for transgression, rosy-cheeked innocent modest face, bright turner of women's heads.

31. The reputation that he is earning for bravery or for knowledge of friendship, for lavishness or for impetuous nature, or for forgiveness, is no surprise for this pleasant gentleman.

32. The characteristics which inspire envy around the level, smooth-acred, noble territory have been found today as a natural part of his youthful spirit.

33. The brave royal blood of the leader of Clare [and] the renowned blood of the earl of Gabhrán have been found in his dry young bright warm face; their nobility is something to celebrate.

34. A branch of the O'Brien's bloodline from Shannonside, from the blood of Cas and the stock of Oilill, a goodwilled survivor of the bloodline of Art, and of the pure bloodline of the Fitzgeralds.

30a. fhuind CH; 30b. uidh H; 30d. ~~ar chródhacht~~ *ag tús na líne* C, ~~d~~br*ea*thnoighthe H, bhandál C, bhandal H; 31a. dho H; 31b. chródhacht H, cumoin*n*fhíos C, cumoin*n*fhios H; 31c. caithmhithe C, caithmhithe H, nó *air* H, mhír CH; 31d. nó H, mhaithmhighthe CH, an tséimh tsuilbhir C, an ts<…> ts<..>lbhir H; 32. *Níl an rann seo in C agus tugaim é ó H amháin.* 32a. hairrgh*ea*na H; 32c. réigh H; 33a. chláir H; 33c. fríoth H; 33d. ionmaoidhimh H; 34b. cais H, oill*iol*la CH

35. Síol Aodha, gríobha an ghaisgidh,
is crú Chearbhuill chianaisdrigh
fillte a n-aoin[fhe]a*cht* 'na dhreich ndil
is saoidheacht ag breith b[h]isigh.

36. Ua Chathaoir Mhóir ó Mhoigh Mháil
's ua na n-iarl*adh* ón fhion*n*Mháigh,
deaghua Tāil is Ēibhir Fhin*n*,
táin le n-éirigh a in*n*tin*n*.

37. Biaidh, ó Thadhg M*a*c Con Mara,
an chríoch bheinnréidh bhraontana
gan f[h]ear formuid *ar* a fud
nā fear comhruig re gcomhrug.

35. The descendants of Aodh, valorous warriors, and Cearbhall's well-travelled bloodline, along with ever-progressing wisdom, are [all] blended together in his beloved face.

36. Descendant of Cathaoir Mór from Magh Máil, and descendant of the earls from the clear [River] Maigue, great descendant of Tál and of Éibhear Fionn, great people who raise his spirits.

37. Because of Tadhg Mac Con Mara, the land of smooth peaks and shallow waters will have neither an envious man anywhere in her, nor a man of battle preparing for battle.

35a. siol H, na gaisge C, an ghaisge H; 35d. shaoidh*eacht* C; 36a. máil H; 36c. táil is éibhir H; 36d. le anéirigh C, le néiridh H; 37a. thaidgh C, thaidhg H, conmhara CH; 37b. bhéinréigh C, bheinréigh H; 37d. comhruic CH, re ccomrug C

Nótaí

1d. Tugann an chéad líne den dán seo roinnt dánta eile chun cuimhne: *Rug cobhair ar chóir Gaoidheal* (a cumadh sa séú haois déag, *ABM* 406); *Rug cabhair ar chlár mBanbha* (seachtú haois déag, *ABM* 404); *Rug cobhair ar Chonallchaibh* (seachtú haois déag, *ABM* 407; Knott 1928: 70–7; agus luaite ag Simms (2025: 24) ina liosta dánta ar dócha gur dánta oirnithe iad in éineacht leis an dán atá faoi chaibidil agam anseo); agus *Rug cosnamh ar chrích Midhe* (seachtú haois déag, *ABM* 408). Féach samplaí eile de línte tosaigh gaolmhara ag Breatnach (1997: 28–44).

2d. *Oilill*: Athair Chormaic Chais ab ea Oilill Ólom.

4d. *tí tárroidh*: D'fhéadfaí aistriúcháin éagsúla a thabhairt air seo: 'the one she catches' (*eDIL* s.v. 1 *tárr(th)aigid*), mar shampla, nó 'the one she finds' (*eDIL* s.v. *do-airret, do-áirret* I (d)).

5a. *suan na heilte*: Codlaíonn eilití in áiteanna atá sábháilte dóibh. Glacaim leis gurb é atá i gceist ag an bhfile ná go gcodlaíonn Eachtgha anois agus í in áit shábháilte agus nach gá di a bheith buartha faoina hanbhuain toisc go gcosnóidh Tadhg í.

É sin ráite, tuiscint eile ar fhianna ná go gcodlaíonn siad in eatraimh ghearra. Uaireanta ní chodlaíonn siad ach ar feadh cúpla nóiméad ag an am, agus bíonn siad airdeallach fós agus iad ina gcodladh. Is dócha gur ag tarraingt ar an íomhá seo a bhí Cormac Ruadh Ó hUiginn sa dán cáinte *Iomdha teachtaire i dtigh Dé*:

> Cridhe san aird-sin níor fhéagh
> tairgsin a thighe do thúr
> suan an fhiadha is é bhar suan
> gan luadh riara Dé na ndúl.
>
> 'No heart in that Order thought of striving to win God's House – not to mention serving Him; but Thy sleep is as the sleep of the deer!' (*Dán Dé* 23.29 agus nóta)

5c. *craoi Chuirc*: Conall Corc, nó Corc mac Luigthigh, sinsear Eóghanacht. Luaitear é i líne 11c chomh maith.

5d. *d'fhobhair*[*t*]: Níl mórán samplaí de *fobhairt* sa gciall 'salve' feicthe agam. Féach cúpla sampla de ag *eDIL* s.v. *fobairt* II.

7a. Glacaim le léamh H anseo, *na dtrágh dtair*[*th*]*each* in ionad *ttrath* (= na dtráth, is dócha; léamh C) toisc gur íomhá choitianta í an trá thorthúil i bhfilíocht na scol (féach trácht ar an *tráigh tharaidh* sa dán *Le dís cuirthear clú Laighean* ón séú haois déag in Ó Raghallaigh 2006: 2c agus nóta, mar shampla). Féach gur féidir *oirear* (líne d) a thuiscint mar 'coast' nó 'shore' freisin (*eDIL* s.v. 1 *airer* (a)). Níl aon cheantar farraige ag críoch Chlann Chuiléin, ach d'fhéadfadh tránna na n-aibhneacha agus na lochanna a bheith i gceist. Dá nglacfaí le *tráth* (léamh C), d'fhéadfaí 'Clann Chuiléin of the fertile times' a thabhairt mar aistriúchán ar an líne.

7d. *Éibhear*: Éibhear Fionn, mac Mhíle Easpáine, ar tugadh an taobh theas den tír dó. Luaitear é i líne 36c den dán seo chomh maith.

8a. Tá léamha na LSí lochtach anseo toisc nach bhfuil comhardadh slán ann idir an rinn agus airdrinn *cruaidhgheal* : *orduighthe*ar. Tá *cruaidhgheal* athraithe agam go *cruithgheal*, mar a mholann eagarthóirí *ABM* (dán 405, nótaí lch 709). Ní féidir a bheith cinnte faoi seo ach ní fheicim aon réiteach eile air.

9c. *craobh cheōil*: Is dócha gur tagairt í seo d'uirlis cheoil ar leith (féach *eDIL* s.v. *cráeb* (c)). Féach, mar shampla, an líne *Ní raibh ó sheinm na gcraobh gciúil go … nár libh uaimse an ealodhna* 'There is no art, from playing the musical branches to …, that thou didst not get from me' (*TD* 14.7, agus nóta). Tuairimíonn Knott go bhfuil seans ann gurb ionann an chraobh cheoil seo agus an chraobh a luaitear sna seanscéalta. Féach tagairt eile sa rann seo:

Ná déin dearmod don chraoibh chiuil
deargchláruidh thirim thaighiuir
uallanach bhogghothach bhinn
is suanán codalta dh'intinn.

'Forget not the musical branch, red-timbered, dry, tuneful, wailing,
soft-voiced, sweet, a slumberous lullaby to the heart.' (*IBP* 46.8)

9d. *doirbhdhrithle*: Is minic a luaitear drithle nó crithir le pátrún sa bhfilíocht. Féach, mar shampla, na línte seo ón dán *Beannacht uaim-se go hAilín*, ina molann an file bean an phátrúin, Doireann iníon Chathail Uí Chonchubhair: *drithle dan dú grádh is gean,* / *smál ar a clú ní cluintear* 'spark whom it is proper to grow fond of and love, no one hears of her fame besmirched' (Ó Muireadhaigh 1970: 31cd); agus na línte a leanas ina moltar Eoghan Óg Mac Suibhne: *sás fighthe chogaidh ó gCuinn,* / *drithle i gcogail ó gConuill* 'one fit to wage war for Conn's descendants, a spark in the embers for Conall's race' (*TD* 26.24cd); féach chomh maith an nóta ag Ó Raghallaigh (2010: rainn 1–13, nóta).

10a. *Inis an Laoigh*: Is seanainm é seo ar Chluain Rámhfhada, an áit a bhfuil Inis inniu (*Onom.* s.n. *inis an laoicc*, §18124; Ní Úrdail 2004: 9a, nóta).

10c. *Tál*: Tál Cas mac Chonaill Eachluaith, rí Thuamhan.

12d. *Cas*: Glacaim leis gur tagairt é seo do Chormac Cas mac Oilealla Óloim, a luaitear i línte 2d agus 12b.

14c. 'A smooth, pleasant-sided cheek' an t-aistriúchán litriúil a thabharfainn ar *gruaidh thaobhshoirbhréidh*.

15d. Tá *áirgibh* (léamha) athraithe agam go *aircibh* anseo ar mhaithe le ciall an rainn.

16b. *An Bóraimhe*: Tá an áit seo lonnaithe i mbaile fearainn Bhaile Uí Mhothla, i bparóiste Chill Dalua, i mbarúntacht na Tulaí Íochtaraí. Baintear úsáid aisti uaireanta mar thagairt do chríoch Uí Bhriain i gcoitinne. Féach *HDGP* fasc. 5, 162; agus *Onom.* s.n. *bóraime*, §4570.

17c. 'Never suffered the wounding of his cheek' an t-aistriúchán litriúil a dhéanfainn ar *nar fhuloing goin a ghrua*[*i*]*dh*, is é sin 'never satirised' nó 'never embarrassed'.

17d. *Craobhruadh*: teach rí Uladh, Conchubhar mac Neasa.

18–23. San apalóg seo, insítear leagan den scéal Rúraíochta ina bhfuil na hUltaigh faoi chois an cheasa naoidhean fad is a bhíonn Cú Chulainn ag cosaint Chúige Uladh leis féin. Faightear leaganacha den scéal seo i roinnt dánta i bhfilíocht na scol. Féach, mar shampla, na dánta *Maith bhur bhfíor gcatha, a chlann Róigh* (*ABM* 316) agus *Ursa an choguidh críoch Laighean* (*LBranach* dán 51).

21cd. Nílim cinnte faoi *nd*e*a*s agus *f*e*a*s na lámhscríbhinní sna línte seo (féach an nóta ar *feas* sa réamhrá teanga). Tá *nd*e*a*s athraithe agam go *n-eas* toisc

nach bhfuil aon sampla eile de *deas* mar seo feicthe agam agus nach féidir liom ciall a bhaint as. Feictear [*áit*] *na n-eas mbinn* mar chur síos ar cheantar go coitianta i bhfilíocht na scol. Glacaim le *feas* san eagrán, ach bheadh ciall le *béas* freisin, féach go raibh *bhfeas* sa dá LS ó thús. Ní bheadh comhardadh slán idir *béas* agus *n-eas* ach d'fhéadfadh *ndéas* a bheith i gceist i líne c chomh maith, agus d'fhéadfaí aistriúchán ar nós 'land of the splendid light-covered ears of corn, a custom which was weary on the mind' (*eDIL* s.v. 1 *días* I), nó 'land of the splendid spear points with bright flags, a custom which was weary on the mind' (*DIL* s.v. 1 *días* II) a thabhairt ar an leathrann.

22c. *gan mhóid mir*: Is é 'without rash protest' nó 'without quick objection' an t-aistriúchán litriúil a thabharfainn air seo (*eDIL* s.v. *móit* (c)).

22d. *Oileach*: Suíomh ríoga Ó Néill: féach *Onom.* s.n. *ailech*, §638; Tierney 2003; agus 'Grianán Ailigh', logainm #111188 ar líne:
https://www.logainm.ie/111188.aspx (ceadaíodh 26 Meitheamh 2025).

23. Go bhfios dom, ní gnáthchuid de scéal na *Tána* é seo: cé gur minic a luaitear fuil Chú Chulainn sa *Táin* (féach, mar shampla, *TBC LL* ll. 3338–4 agus ll. 4787–93), ní luaitear go ndáileann sé a fhuil mar leigheas sa gcaoi seo. Is dócha go bhfuil an íomhá seo ag eascairt as allagóire Críostaí. Tugann sé seo an scéal faoin bpeileacán, a sheasann d'íobairt Chríost, chun cuimhne. Is siombail de chuid na Críostaíochta é an peileacán a fhaightear go forleathan i mbrúdlanna agus in ealaín Chríostaí. Sa scéal seo, gortaíonn an peileacán é féin agus cothaíonn sé a ghearrcaigh lena chuid fola féin. Féach go n-insítear an scéal seo in apalóg sa dán *Fada re hurchóid Éire* le hEochaidh Ó hEódhasa (*ABM* 229; Ó Caithnia 1984: 203). Seans go bhfuil an file ag cuimhneamh ar leagan den scéal sin.

23cd. Ní thuigim *mhil*e*aschná* ná *inéischrá* na LSí, agus níl comhardadh slán eatarthu. Tá siad athraithe agam go *milioschnó* agus *inioschró* ar mhaithe leis an meadaracht agus le ciall an rainn (féach an réamhrá teanga).

23d. *Feidhlim*: Feidhlimidh Reachtmhar, athair Choinn Chéadchathaigh, b'fhéidir. Féach go n-aistrítear *fiadh Féilimidh* mar Éire nó mar Chúige Uladh uaireanta (Hoyne 2018: nóta ar 4.3cd). Is mar *Ireland* a aistríonn Hoyne é seo. Féach *Fonn Féilim* agus *Clár Féilim* 'Ireland' in *TD* 10.33 agus 15.9 agus *fuil Fheidhlim* 'the men of Ireland' in *TD* 10.4.

24ab. B'fhéidir go bhféadfaí *fóir do* sa rann seo a thuiscint mar 'help with/by means of' agus an t-aistriúchán 'Cú Chulainn of the javelin used to help by spilling Íor's famous blood' a thabhairt ar na línte seo chomh maith.

24b. *fuil oirdhreicÍr*: Is é sin, muintir Uladh. Lonnaigh sliocht Ír i gCúige Uladh.

27b. *mac Áine*: Is tagairt í seo do mháthair Thaidhg, Áine Ní Bhriain, iníon le Toirdhealbhach Carrach Ó Briain Ára.

28c. *téagairthe*: Glacaim leis gur comhfhocal é seo (*téagar*, *eDIL* s.v. *técar* + *te*), féach sampla eile den chomhfhocal seo in *a threabh théagairthe* (*DiD* 97.1d).

29–30. Is coitianta sa bhfilíocht an cineál codarsnachta a fhaightear sna rainn seo: Bíonn Tadhg dian agus dainséarach i leith cogaidh nó namhad, ach lách agus caomh i leith ban. Féach trácht ar áilleacht an phátrúin agus ar a mhealltacht i meon na mban i bhfilíocht na scol ag McManus (2009: 77–81, go háirithe 81; 85–100).

30c. *dreach leathghoirthe*: 'half-heated face' an t-aistriúchán litriúil a thabharfainn air seo. Is dócha gurb é 'rosy-cheeked' nó 'healthy-looking' atá i gceist ag an bhfile, bua a shamhlaítear le pátrúin go minic sa bhfilíocht.

31b. *cumoinnfhios*: Maidir le téama an chairdis i bhfilíocht na scol, an fhealsúnacht a bhaineann leis, cúlra agus comhthéacs na smaointeoireachta seo, agus tionchar an Renaissance, féach Ó Corráin (2014).

33b. *iarla Gabhráin*: Is dócha gur tagairt é seo do na Buitléaraigh, a raibh Tadhg gaolta leo trína shin-seanmháthair ar thaobh a athar. Mór Ní Bhriain ab ainm dá sheanmháthair ar an taobh sin, iníon le Helena Buitléir (†1597), iníon le Piaras Buitléir (†1539), ochtú hIarla Urumhan, an fear dár cumadh an dán *Mó sa chách clú Buitlérach* (*PB* dán 2). Féach go dtugtar *iarla Gabhráin* ar Thomás de Buitléir (†1614) sa dán *Eólach mé ar mheirge an iarla* (*PB* 15.47).

33c. *gnúis tiormnaoighil*: Tá *gnúis thirim* neamhghnách mar mholadh ach glacaim leis gurb é atá i gceist ag an bhfile ná nach mbíonn Tadhg ag cur allais.

34a. Bhí Tadhg gaolta le muintir Bhriain trína mháthair, Áine Ní Bhriain, agus trí mháthair a athar, Mór Ní Bhriain.

34d. *Gearalt*: Ba Ghearaltach (duine de theaghlach Iarlaí Dheasumhan) í sin-sin-seanmháthair Thaidhg, Mairghréag Nic Gearailt (†1542), a phós Piaras Buitléir, ochtú hIarla Urumhan (féach thuas).

35a. *Síol Aodha*: Is dócha gur tagairt é seo d'Aodh Aghar mac Éanna, sinsear de chuid mhuintir Mhic Chon Mara (Ó Muraíle 2003: 1343.6; 1343.1, 3).

35b. *crú Chearbhuill*: Seans go raibh Tadhg gaolta le muintir Chearbhaill ar thaobh a mháthar. Ba é Toirdhealbhach Carrach mac Toirdhealbhaigh Uí Bhriain Ára (as Contae Thiobraid Árann) a sheanathair ar an taobh sin. Bhí tailte ag fréamh de na Cearbhallaigh i ngar don fhréamh Bhrianach seo. Maidir le tagairtí do shinsearacht mháthair an phátrúin i bhfilíocht na scol, féach McManus (2015: passim).

35. Féach sampla eile den íomhá seo de dhá theaghlach a bheith ag teacht le chéile sa bpátrún sa dán *Mairidh teine i dteallach Ghaoidheal* do Rudhraighe Caoch Ó Mórdha (tiarna Laoise, 1542–7): *Cuisle uaibhreach d'fhíonfhuil Chearbhaill / tre chrú gConaill chosnas bladh* 'A proud stream of the noble blood of Cearbhall mingles with the blood of Conall [Cearnach] which upholds fame' (Ó Raghallaigh 2010: 46ab agus nóta).

36a. *Cathaoir Mór*: Ard-rí na hÉireann.

36a. *Magh Máil*: Tá an mhá seo idir an Bhearú agus an Fheoir, thart ar bharúntacht Ghabhráin i gContae Chill Chainnigh (*TD* 17.39, nóta; *Onom.* s.n. *mag mail*, §20896).

36c. *Tál*: Tál Cas. Luaitear é i líne 10c chomh maith.

36c. *Éibhear Fionn*: Éibhear Fionn mac Mhíle Easpáine; féach líne 7d.

37d. *re gcomhrug*: Tá *re* na líne seo á thuiscint agam mar *ré/ ria* (*eDIL* s.v. 6 *ré, ria*) de dheasca an uraithe a bheith ar *comhrug* sna lámhscríbhinní, agus tá sé aistrithe agam mar 'preparing for (.i. before) battle', mar sin. Dá mbeadh *re* sa gciall *le* i gceist, d'fheadfaí 'engaged in battle' a thabhairt mar aistriúchán air seo.

Giorrúcháin

ABP Eoin Mac Cárthaigh (eag.), *The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I* (Dublin, 2014).

BST Lambert McKenna (eag.), *Bardic Syntactical Tracts* (Dublin 1944; reprint 1979).

Dán Dé Lambert McKenna (eag.), *Dán Dé: The Religious Poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh and the Religious Poems in the Duanaire of the Yellow Book of Lecan* (Dublin, 1922).

DiD Láimhbheartach Mac Cionnaith (eag.), *Dioghluim Dána* (Dublin, 1938).

DMU David Greene (eag.), *Duanaire Mhéig Uidhir: The Poembook of Cú Chonnacht Mág Uidhir, Lord of Fermanagh, 1566–1589, Edited from the Copenhagen Manuscript* (Dublin, 1927).

FGB Niall Ó Dónaill (eag.), *Foclóir Gaeilge-Béarla* (Baile Átha Cliath, 1977).

Fiants *The Irish Fiants of the Tudor Sovereigns during the Reigns of Henry VIII, Edward VI, Philip and Mary, and Elizabeth I, with a New Introduction by Kenneth Nicholls and Preface by Tomás G. Ó Canann*, 4 vols (Dublin, 1994).

HDGP Pádraig Ó Riain, Diarmuid Ó Murchadha, Emma Nic Cárthaigh agus Kevin Murray, *Historical Dictionary of Gaelic Placenames/ Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge*, fascúil 1–9 (London, 2003–24).

IBP Osborn Bergin (eag.), *Irish Bardic Poetry: Texts and Translations, Together with an Introductory Lecture by Osborn Bergin with a Foreword by D. A. Binchy*, eag. David Greene agus Fergus Kelly (Dublin, 1970).

LBranach Seán Mac Airt (eag.), *Leabhar Branach, the Book of the O'Byrnes* (Dublin, 1944).

Magauran Lambert McKenna, *The Book of Magauran: Leabhar Méig Shamhradháin* (Dublin, 1947).

Onom. Edmund Hogan, *Onomasticon Goedelicum locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae: An Index, with Identifications, to the Gaelic Names of Places and Tribes* (Dublin, 1910); Leagan athbhreithnithe in eagar ag D. Ó Corráin ar líne: https://www.dias.ie/celt/celt-publications-2/onomasticon-goedelicum/.

PB	James Carney, *Poems on the Butlers of Ormond, Cahir, and Dunboyne (A. D. 1400–1650)* (Dublin, 1945).
RIA Cat.	T. F. O'Rahilly, K. Mulchrone, et al., *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy* (Dublin and London, 1926–70).
TBC LL	Cecile O'Rahilly (eag.), *Táin Bó Cúailnge from the Book of Leinster* (Dublin, 1967).
TD	Eleanor Knott (eag.), *The Bardic Poems of Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591)*, 2 imleabhar, ITS 22, 23 (London 1922; 1926).

Leabharliosta

Breatnach, P. A. 1997: *Téamaí Taighde Nua-Ghaeilge* (Maigh Nuad).

Frost, J. 1893: *The History and Topography of the County of Clare from the Earliest Times to the Beginning of the 18th Century* (Dublin).

Hoyne, M. 2016: 'On stressed monosyllables ending in a short vowel in Classical Modern Irish', *Celtica* 28, 186–200.

—— 2018: *Fuidheall Áir: Bardic Poems on the Meic Dhiarmada of Magh Luirg c. 1377–c. 1637* (Dublin).

Knott, E. 1928: *Irish Syllabic Poetry 1200–1600* (Cork).

Mac Cárthaigh, E. 2002: 'Dia libh a uaisle Éireann (1641)', *Ériu* 52, 89–121.

—— 2015: '*Sléagar* agus "genitives lenited in special circumstances" i bhfilíocht na scol', in C. Breatnach agus M. Ní Úrdail (eag.), *Aon don Éigse: Essays Marking Osborn Bergin's Centenary Lecture on Bardic Poetry (1912)* (Dublin), 239–45.

—— 2020: 'Gofraidh Óg Mac an Bhaird cecenit: 5. *Gabhla Fódla fuil Chonaill*', *Ériu* 70, 119–70.

McManus, D. 2009: 'Good-looking and irresistible: The hero from early Irish saga to Classical Poetry', *Ériu* 59, 57–109.

—— 2015: 'Female ancestry and mother's kin in Classical Irish poetry', in C. Breatnach agus M. Ní Úrdail (eag.), *Aon don Éigse: Eassays marking Osborn Bergin's Centenary Lecture on Bardic Poetry (1912)* (Dublin), 193–219.

Ní Dhomhnaill, C. 1975: *Duanaireacht* (Baile Átha Cliath).

Ní Mhurchú, C. 2025: '*Buaine ioná a aois iomráidh Taidhg*: dán do Thadhg Mac Con Mara (†1678)', *Celtica* 37, 276–303.

Ní Úrdail, M. 2004: 'A poem addressed to Donnchadh Ó Briain, Fourth Earl of Thomond' in J. Carey et al. (eag.), *Cín Chille Cúile: Texts, Saints and Places. Essays in Honour of Pádraig Ó Riain* (Aberystwyth), 193–207.

Ó Caithnia, L. P. 1984: *Apalóga na bhFilí 1200–1650* (Baile Átha Cliath).

Ó Corráin, A. 2014: *The Light of the Universe: Poems of Friendship and Consolation by Giolla Brighde Ó hEódhasa* (Oslo).

Ó Fiannachta, P. 1978: *Clár Lámhscríbhinní Gaeilge: Leabharlanna na Cléire agus Mionchnuasaigh*, dhá iml. (Baile Átha Cliath).

Ó Muireadhaigh, R. 1970: 'Moladh ar Ailín Mac Dubhghaill', *Éigse* 13, 211–20.

Ó Muraíle, N. 2003: *Leabhar Mór na nGenealach: The Great Book of Irish Genealogies* (Dublin).

Ó Raghallaigh, E. 2006: 'A poem to Aodh Buidhe and Alasdar Mac Domhnaill of Tinnakill', *Ossory, Laois and Leinster* 2, 44–64.

—— 2010: 'A poem to Rudhraighe Caoch Ó Mórdha, lord of Laois 1542–7', *Ossory, Laois and Leinster* 4, 158–84.

Ó Riain, G. 2025: *On the Faults of Poetry: An Edition of Irish Grammatical Tracts V*, ITS 69 (London).

Simms, K. 2025: 'Kingship and the bardic poets', *Ériu* 75, 1–25.

Tierney, A. 2003: 'A note on the identification of Aileach', *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 133, 182–6.

Williams, N. 1980: *The Poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe*, ITS 51 (London).

Ciara Ní Mhurchú

Léann na Gaeilge, Ollscoil Luimnigh